# CINNTÍ

**CINNEADH (CBES) 2021/38 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Eanáir 2021**

**lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gconclúidí an 16 Meán Fómhair 2019 uaithi a bhaineann leis an athbhreithniú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([1]), geallann an Chomhairle breithniú ar chinneadh maidir le deimhnithe úsáideora deiridh le haghaidh onnmhairiú mionarm agus armán éadrom (SALW) agus a n-armlón.

(2) Luaitear i gComhsheasamh 2008/944/CBES nach bhfuiltear chun ceadúnais onnmhairiúcháin a dheonú ach amháin ar bhonn réamheolas iontaofa ar úsáid deiridh sa tír is ceann scríbe. Luaitear chomh maith i gComhsheasamh 2008/944/CBES go n-éilítear deimhniú úsáideora deiridh nó doiciméadacht iomchuí agus/nó cineál éigin údarúcháin arna eisiúint ag an tír is ceann scríbe a seiceáladh go grinn de ghnáth.

(3) Le cur chuige comhchoiteann uile-Aontais maidir le rialú úsáideora deiridh le haghaidh SALW agus a n-armlón, laghdófar an riosca atreoraithe, cruthófar cothroime iomaíochta agus méadófar soiléireacht don tionscal cosanta agus dá chliaint maidir leis na ceanglais ábhartha.

(4) Sa Treoir nuashonraithe d'Úsáideoirí maidir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 16 Meán Fómhair 2019, soláthraítear na cleachtais is fearr i réimse na ndeimhnithe úsáideora deiridh.

(5) I straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus arm áin éadroma aindleathacha, a glacadh an 19 Samhain 2018, geallann an Chomhairle breithniú ar chinneadh maidir le deimhnithe úsáideora deiridh maidir le honnmhairiú SALW, agus obair na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip i ndáil leis sin á cur san áireamh aici.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2020/979 ón gComhairle ([2]), tacaítear le córas a fhorbairt a aithnítear go hidirnáisiúnta chun bainistiú arm agus armlóin a bhailíochtú lena gceadófaí bailíochtú nó deimhniú neamhspleách um chomhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta oscailte maidir le stoc-chairn náisiúnta SALW agus armlón a bhainistiú go slán sábháilte.

([1]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/979 ón gComhairle an 7 Iúil 2020 a thacaíonn le córas a fhorbairt, a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena ndéantar bainistiú arm agus armlóin a bhailíochtú de réir caighdeáin idirnáisiúnta oscailte (IO L 218, 8.7.2020, lch. 1).

(7) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá an tAontas le comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla a ghníomhaíochta seachtraí. I ndáil leis sin, tugann an Chomhairle dá haire, *inter alia*, a Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ([3]) agus Rialacháin (AE) Uimh. 258/2012 ([4]) agus (AE) 2019/125 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(8) Sna conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil leis an trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma a chomhrac, i bhfianaise an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta NA maidir le SALW, a ghlac an Chomhairle an 28 Bealtaine 2018, iarrtar go gcuirfí chun cinn cur i bhfeidhm deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs an rialaithe ar onnmhairí SALW.

(9) I gClár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe (NA) chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú, a glacadh an 20 Iúil 2001, geallann na Stáit rannpháirteacha go gcuirfidh siad dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta riaracháin leordhóthanacha i bhfeidhm agus go gcuirfidh siad chun feidhme iad chun rialú éifeachtach ar onnmhairiú agus idirthuras SALW a áirithiú, lena n-áirítear úsáid deimhnithe úsáideora deiridh fíordheimhnithe agus bearta éifeachtacha dlíthiúla agus forfheidhmithe.

(10) Luaitear sa Chonradh Trádála Arm, a ghlac Comhthionól Ginearálta NA an 2 Aibreán 2013, go bhfuil an Stát is Páirtí is onnmhaireoir le cosc a chur ar aistriú gnáth-arm a atreorú, i gcás inarb iomchuí, trí pháirtithe a bhfuil baint acu leis an onnmhairiú a scrúdú, trí dhoiciméadacht bhreise, deimhnithe, dearbhuithe a éileamh, trí gan an t-onnmhairiú a údarú nó trí bhearta iomchuí eile.

(11) Dearbhaítear i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid NA gur gá cur i gcoinne na trádála aindleathaí i SALW chun go leor de na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsíocháin, leis an gceartas agus le hinstitiúidí láidre, leis an mbochtaineacht a laghdú, leis an bhfás eacnamaíoch, leis an tsláinte, le comhionannas inscne agus le cathracha sábháilte. Dá bhrí sin, i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16.4 den Chlár Oibre sin, gheall Stáit NA uile go ndéanfadh siad na sreafaí aindleathacha airgeadais agus arm a laghdú go suntasach.

(12) I gClár Oibre NA um Dhí-armáil dar teideal "Securing our Common Future" ["Ár dTodhchaí Comhchoiteann a Shlánú"], a cuireadh i láthair an 24 Bealtaine 2018, d'iarr Ardrúnaí NA go dtabharfaí aghaidh ar charnadh iomarcach agus ar thrádáil aindleathach gnáth-arm.

(13) Is bealach é an t-athonnmhairiú neamhúdaraithe fós chun SALW agus a n-armlón a atreorú isteach ar an margadh aindleathach.

(14) Is eilimint thábhachtach iad na deimhnithe úsáideora deiridh chun rialuithe éifeachtacha úsáideoirí deiridh a bhunú agus chun an riosca maidir le hatreorú neamh-inmhianaithe SALW agus a n-armlón a íoslaghdú. Ní ghlacann deimhnithe den sórt sin ionad measúnaithe iomláin réamh-ante ar riosca, áfach, a dhéantar ar bhonn cás ar chás agus cinneadh á dhéanamh cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar ceadúnas onnmhairiúcháin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é cuspóir an Chinnidh seo cuidiú le cosc a chur ar atreorú mionarm agus armán éadrom (SALW) agus a n-armlón chuig úsáideoirí deiridh nó chuig úsáid deiridh neamhbheartaithe, trí theacht ar chomhaontú maidir le heilimintí comhchoiteanna do dheimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs chur chun feidhme rialacha comhchoiteanna an Aontais lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairí, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras earraí dé-úsáide a rialú (IO L 134, 29.5.2009, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine NA) chun feidhme, agus lena mbunaítear údarú onnmhairithe, agus bearta allmhairithe agus idirthurais, le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 30, 31.1.2019, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le honnmhairí buana SALW agus a gcomhpháirteanna, a ngabhálais agus a n-armlón, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "úsáideoir deiridh" coinsíní deiridh agus úinéir deiridh na n-earraí onnmhairithe is eol tráth a dhéantar iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin, de réir théarmaí conarthacha an idirbhirt;

(2) ciallaíonn "onnmhairiú" imeacht aon earraí as críoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear imeacht earraí a n-éilítear dearbhú custaim ina leith agus imeacht earraí i ndiaidh a stórála i saorchrios de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]);

(3) ciallaíonn "onnmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhpháirtíocht ar a bhfuil cónaí san Aontas nó atá bunaithe san Aontas, a chuireann isteach iarratas ar cheadúnas onnmhairiúcháin nó a gcuirtear isteach iarratas den sórt sin ar a shon, eadhon an duine nó an chomhpháirtíocht ag a bhfuil an conradh leis an gcoinsíní sa tríú tír ábhartha tráth a ghlactar leis an iarratas, agus arb é an té é a bhfuil an chumhacht is gá aige chun a chinneadh go seolfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. Más rud é nach bhfuil aon chonradh den sórt sin tugtha i gcrích nó nach ngníomhaíonn sealbhóir an chonartha sin thar a cheann féin, ciallaíonn "onnmhaireoir" an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht a bhfuil an chumhacht is gá aige chun cinneadh a dhéanamh go seolfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. Maidir le tairbhiú de cheart na hearraí a dhiúscairt, i gcás inar le duine, eintiteas nó comhlacht é ar a bhfuil cónaí lasmuigh den Aontas nó atá bunaithe lasmuigh den Aontas de bhun an chonartha sin, ciallaíonn "onnmhaireoir" an páirtí conarthach ar a bhfuil cónaí san Aontas nó atá bunaithe san Aontas.

*Airteagal 4*

Chun go dtabharfaidh Ballstát údarú maidir le hearraí a onnmhairiú mar a thagraítear dó in Airteagal 2, éileofar deimhniú úsáideora deiridh nó doiciméadacht iomchuí, arna síniú ag an úsáideoir deiridh sula dtabharfar an t-údarú sin, a seiceáladh go grinn.

*Airteagal 5*

1. Éileoidh na Ballstáit na heilimintí riachtanacha seo a leanas maidir le sainaithint a bheidh le háireamh sa deimhniú úsáideora deiridh dá dtagraítear in Airteagal 4:

(a) sonraí an onnmhaireora (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus cláruimhir na cuideachta, má tá fáil uirthi);

(b) sonraí an úsáideora deiridh (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus cláruimhir na cuideachta, má tá fáil uirthi). Maidir le honnmhairiú a dhéantar chuig cuideachta phríobháideach a dhéanann na hearraí a athdhíol ar mhargadh áitiúil, measfar gurb í an chuideachta sin an t-úsáideoir deiridh chun críocha an Chinnidh seo. Ní choiscfidh an méid sin ar na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig athdhíoltóirí seachas mar a dhéantar i gcás iarratais ar cheadúnais a bhaineann le honnmhairí chuig úsáideoirí deiridh;

(c) an tír is ceann scríbe;

(d) tuairisc ar na hearraí, lena n-áirítear, má tá sí ar fáil, uimhir an chonartha nó an tsraithuimhir;

(e) más infheidhme, cainníocht nó luach na n-earraí atá beartaithe a onnmhairiú;

(f) síniú, ainm agus teideal an úsáideora deiridh agus, má mheasann an Ballstát lena mbaineann gur gá sin, ainm an údaráis inniúil rialtais sa tír is ceann scríbe;

(g) más infheidhme, deimhniú ó na húdaráis rialtais ábhartha, de réir an chleachtais náisiúnta (ach a bhfuil dáta, ainm, teideal agus síniú bunaidh an oifigigh údarúcháin ar áireamh ann);

(h) dáta eisiúna an deimhnithe úsáideora deiridh;

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(i) más infheidhme, uimhir uathúil aitheantais nó uimhir chonartha uathúil a bhaineann leis an deimhniú úsáideora deiridh;

(j) léiriú ar an úsáid deiridh atá beartaithe do na hearraí;

(k) más iomchuí, sonraí an bhróicéara iomchuí (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta).

2. Éileoidh na Ballstáit na gealltanais riachtanacha seo a leanas de chuid an úsáideora, maidir leis na hearraí a chumhdaítear leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 4 a bheidh le háireamh sa deimhniú sin trína shíniú ag an úsáideoir deiridh:

(a) nach n-úsáidfear na hearraí chun críoch seachas an úsáid dhearbhaithe; agus

(b) maidir le haon athonnmhairiú de na hearraí:

(i) go gcoisctear é lasmuigh den tír is allmhaireoir, nó go gcoisctear aon aistriú ar choimeád na n-earraí laistigh den tír is allmhaireoir; nó

(ii) go bhfuil aon athonnmhairiú de na hearraí teoranta do liosta tíortha arna sainaithint sa deimhniú úsáideora deiridh, nó go bhfuil aon aistriú ar choimeád na n-earraí laistigh den tír is allmhaireoir teoranta do liosta nó catagóir eintiteas arna sainaithint sa deimhniú úsáideora deiridh; nó

(iii) nach mór aon athonnmhairiú de na hearraí lasmuigh den tír is allmhaireoir, nó aon aistriú ar choimeád na n-earraí laistigh den tír is allmhaireoir a bheith faoi réir formheas i scríbhinn roimh ré ó údaráis an Bhallstáit is onnmhaireoir. Féadfaidh Ballstát a chinneadh an t-údarás chun ceadú den sórt sin a sholáthar a aistriú chuig údaráis inniúla na tíre is allmhaireoir.

*Airteagal 6*

Féadfaidh na Ballstáit a éileamh go n-áireofar na heilimintí roghnacha seo a leanas sa deimhniú úsáideora deiridh dá dtagraítear in Airteagal 4:

(a) gealltanas de chuid an úsáideora deiridh maidir le fógra a thabhairt don Bhallstát is onnmhaireoir i gcás ina gcaillfear nó ina ngoidfear na hearraí a chumhdaítear leis an deimhniú úsáideora deiridh;

(b) gealltanas de chuid an úsáideora deiridh seachadadh na n-earraí, lena n-áirítear a gcainníocht bheacht, a dhaingniú,

(c) gealltanas an úsáideora deiridh fíorú ar an láthair ar na hearraí tar éis a loingsithe ag ionadaithe an Bhallstáit is onnmhaireoir a cheadú, lena n-áirítear mionsonraí na socruithe do na cuairteanna fíorúcháin;

(d) dearbhuithe ón úsáideoir deiridh lena léirítear a acmhainneacht bainistiú slán sábháilte a dhéanamh ar armáin agus armlón, lena n-áirítear a acmhainneacht bainistiú slán sábháilte a dhéanamh ar na stoc-chairn ina stórálfar na hearraí;

(e) gealltanas an úsáideora deiridh maidir leis an mbarrachas trealaimh mhíleata a dhíchoimisiúnú, lena n-áirítear:

(i) gealltanas "nua do shéan" an úsáideora deiridh go scriosfar na sean-earraí a gcuirfear na hearraí allmhairithe ina n-ionad; agus/nó

(ii) gealltanas "díothú tar éis díchoimisiúnúcháin" an úsáideora deiridh go ndíothófar na hearraí allmhairithe tar éis a ndíchoimisiúnúcháin.

*Airteagal 7*

Coinneoidh na Ballstáit taifid ar na deimhnithe úsáideora deiridh dá dtagraítear in Airteagal 4 arna n-eisiúint i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta.

*Airteagal 8*

Nuair a mheastar gur gá sin, fíoróidh na Ballstáit barántúlacht an tsínithe ar an deimhniú úsáideora deiridh agus, más ábhartha, acmhainneacht an tsínitheora gealltanais a thabhairt thar ceann an úsáideora deiridh. I gcás amhrais maidir le barántúlacht an doiciméid, féadfaidh na Ballstáit é a fhíorú trí mheán ar bith de réir an chleachtais náisiúnta. Más rud é nach féidir barántúlacht an doiciméid a fhíorú, ní eiseoidh an Ballstát an ceadúnas.

*Airteagal 9*

I gcás ina sainaithneoidh Ballstát calaois, lena ngabhann falsú nó sárú ar dheimhniú úsáideora deiridh, comhroinnfidh sé an fhaisnéis sin leis na Ballstáit eile trí chóras ar líne COARM agus cúinsí náisiúnta ábhartha á gcur san áireamh.

*Airteagal 10*

Comhroinnfidh na Ballstáit samplaí dá bhformáidí do dheimhnithe úsáideora deiridh, má tá siad ar fáil, leis na Ballstáit eile trí chóras ar líne COARM.

*Airteagal 11*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 31 Nollaig 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Eanáir 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

*IARSCRÍBHINN*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na catagóirí trealaimh mhíleata seo a leanas, a mhéid a áirítear na catagóirí sin i gcatagóirí ML1, ML2, ML3 agus ML4 de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

Ní dhéantar réamhbhreith leis na catagóirí seo a leanas ar aon sainmhíniú a chomhaontófar go hidirnáisiúnta amach anseo ar mhionairm agus ar armáin éadroma (SALW) agus féadfaidh siad a bheith faoi réir tuilleadh soiléirithe, agus féadfar athbhreithniú a dhéanamh orthu i bhfianaise aon sainmhíniú ar SALW a chomhaontófar go hidirnáisiúnta amach anseo.

Na catagóirí trealaimh mhíleata lena mbaineann an Cinneadh seo:

(a) mionairm:

— raidhfilí ionsaithe;

— raidhfilí leathuathoibríocha agus cairbíní atá saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata;

— gunnáin agus piostail féinluchtaithe atá saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata;

— meaisínghunnaí éadroma;

— fo-mheaisínghunnaí, lena n-áirítear meaisínphiostail;

(b) armáin éadroma:

— meaisínghunnaí troma;

— gunnaí móra, habhatsair agus moirtéir ar lú a gcailibre ná 100 mm;

— teilgeoirí gránáide;

— gunnaí gan aisléim;

— roicéid iniompartha ag duine nó criú a scaoiltear ón ngualainn agus córais fhritancanna agus aerchosanta eile a scaoileann diúracáin, lena n-áirítear MANPADS;

(c) comhpháirteanna atá saindeartha do na catagóirí trealaimh a liostaítear i bpointí (a) agus (b);

(d) gabhálais (amhail raonta oíche, ciúnadóirí, etc.), atá saindeartha do na catagóirí trealaimh a liostaítear i bpointí (a) agus (b);

(e) armlóin atá saindeartha lena scaoileadh ag na catagóirí trealaimh a liostaítear i bpointí (a) agus (b).